

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/36 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Eanáir 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 a mhéid a bhaineann le deimhnithe caighdeánacha i dtaca le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí d'ainmhithe uisceacha beo áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhióch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le rialacha sonracha sláinteachais a leagadh síos i dtaca le bia de bhunadh ainmhióch ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 7(2), pointe (a), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('An Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagal 238(3) agus 239(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ⁽³⁾, agus go háirithe Airteagal 90, an chéad mhír, pointí (a) agus (b), agus Airteagal 126(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ leagtar síos rialacha maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/429, deimhnithe oifigiúla dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2017/625, agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla bunaithe ar na Rialacháin sin, a bhfuil gá leo i dtaca le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí áirithe ainmhithe agus earraí (dá ngairtear le chéile 'na deimhnithe' anseo feasta). Go sonracha, le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 leagtar síos, *inter alia*, deimhnithe caighdeánacha i dtaca le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí d'ainmhithe uisceacha beo áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhióch.
- (2) Rud is sonraí ná sin, leagtar amach i gCaibidlí 1 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH BOV), 2 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH OVI), 24 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH MP-PREP), 25 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH MPNT), 26 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH MPST), 27 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH CAS), 41 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH GEL), 42 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH COL), 43 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH RCG), 44 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH TCG) agus 50 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH COMP) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, agus deimhnithe oifigiúla, i dtaca le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí de tháirgí de bhunadh bó-ainmhithe, caorach agus gabhar. Rinneadh leasú le déanaí ar Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ le Rialachán (AE) 2021/1176 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾ chun nuashonrú a dhéanamh, *inter alia*, ar na ceanglais maidir le teacht isteach táirgí de bhunadh bó-ainmhithe, caorach agus gabhar san Aontas trí

⁽¹⁾ IO L 139, 30.4.2004, lch. 55.

⁽²⁾ IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 an 16 Nollaig 2020 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha maidir le Rialachán (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, i dtaca le teacht isteach coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe agus earraí san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialachán Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2021/1176 ón gCoimisiún an 16 Iúil 2021 lena leasaítear Iarscríbhinní III, V, VII agus IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le géinitíopáil cásanna dearfacha de TSE i ngabhair, aois ainmhithe caorach agus gabhar a chinneadh, na bearta is infheidhme i dtéad le scráibeach aitióipiúil agus na coinníollacha d'allmhairí táirgí de bhunadh bó-ainmhithe, caorach agus gabhar (IO L 256, 19.7.2021, lch. 56).

choinníollacha sonracha a chur leo i gcás teacht isteach táirgí athchogantach san Aontas ó thír lena mbaineann riosca rialaithe ESB ina ndíorthaíodh iad ó ainmhithe ó thír ina bhfuil riosca neamhchinntithe ESB. Ba cheart na ceanglais nua sin maidir le teacht isteach san Aontas na gcoinsíneachtaí sin a léiriú sna deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha agus sna deimhnithe oifigiúla sin. Dá bhrí sin, is gá na deimhnithe caighdeánacha sin a leasú dá réir sin.

- (3) Ina theannta sin, na fianuithe sláinte phoiblí agus na fianuithe sláinte ainmhithe atá sna deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha maidir le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe táirgí feola a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a leagtar amach i gCaibidlí 25 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH MPNT) agus 26 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH MPST) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, ba cheart iad a leasú le go léireofaí go cruinn iontu, faoi seach, na ceanglais maidir le teacht isteach san Aontas táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe feirme agus ó ainmhithe fiáine den chineál fia a leagtar síos in Iarscríbhinn IX, Caibidil F, a ghabhann le Rialachán (CE) 999/2001 agus na ceanglais maidir le tionscnaimh ainmhithe óna bhfuarthas feoil úr a shuí, ar ceanglais iad a leagtar síos in Airteagal 150 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ⁽⁷⁾. Dá bhrí sin, is gá na deimhnithe caighdeánacha sin a leasú dá réir sin.
- (4) Le Caibidil 27 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 leagtar amach deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach le haghaidh teacht isteach san Aontas cásálacha a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH CAS). I gcomhréir le hAirteagal 148 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, foráiltear le pointe II.2.2. den deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach sin don fhéidearthacht do thríú tíortha nó do chríocha, nó do chriosanna díobh sin, atá údaraithe maidir le teacht isteach san Aontas feola úire, agus a liostaítear, dá bhrí sin, in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ⁽⁸⁾, i dtaobh teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí cásálacha gan cur i bhfeidhm na gcóireálacha maolúcháin riosca dá bhforáiltear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn XXVI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a dheimhniú. Mar sin féin, níl téacs an phointe sin atá ann faoi láthair sách soiléir maidir le crios tionscnaimh na gcásálacha nuair is infheidhme an fhéidearthacht sin. Chun soiléiriú nach bhfuil feidhm ag a leithéid d'fhéidearthacht ach maidir leis na criosanna a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, ba cheart cód chrios tionscnaimh na gcásálacha a bheith luaite sa phointe sin, mar a leagtar síos é in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. Dá bhrí sin, is gá an deimhniú caighdeánach sin a leasú dá réir sin.
- (5) Thairis sin, le Caibidlí 28 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH FISH-CRUST-HC) agus 31 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH MOL-HC) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 leagtar amach deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha i dtaca le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí d'éisc bheo, de chrústaigh bheo, agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe sin a beartaíodh lena gcaitheamh ag an duine, agus coinsíneachtaí de mhóilic dhébhlaoscacha bheo, d'eicínideirmigh bheo, de thúinicigh bheo agus de ghastrapóid mhuirí bheo agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe sin a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine. Chun na nótaí sna deimhnithe caighdeánacha sin a dhéanamh níos soiléire, ba cheart a shonrú go soiléir gurb ionann na coinsíneachtaí de tháirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha ar gá na fianuithe sláinte ainmhithe a leagtar amach i gCuid II.2 a líonadh isteach dóibh agus iad siúd nár eisiadh ó raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, de bhun Airteagal 1, pointe (6), den Rialachán sin. Go sonrath, ní gá na fianuithe sláinte ainmhithe a leagtar amach i gCuid II.2 a líonadh isteach i gcás coinsíneachtaí de tháirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha, seachas ainmhithe uisceacha beo, a thagann isteach san Aontas réidh le caitheamh go díreach ag an duine gan dul faoi phróiseáil bhreise san Aontas. Trí 'próiseáil bhreise' a shainmhíniú, déanfar soiléiriú ar an staid maidir leis na coinsíneachtaí sin freisin. Dá bhrí sin, is gá na deimhnithe caighdeánacha sin a leasú dá réir sin.
- (6) Thairis sin, na leasuithe a rinneadh le déanaí ar Airteagal 167, pointí (a) agus (b), agus ar Airteagal 169(3), pointe (b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1705 ón gCoimisiún ⁽⁹⁾, ba cheart iad sin a léiriú sna fianuithe sláinte ainmhithe atá i gCaibidlí 28 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH FISH-CRUST-HC) agus 31 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH MOL-HC) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235. Dá bhrí sin, is gá na deimhnithe caighdeánacha sin a leasú dá réir sin.

⁽⁷⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis a dteacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

⁽⁸⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear teacht isteach ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

⁽⁹⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1705 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis a dteacht isteach (IO L 339, 24.9.2021, lch. 40).

- (7) Ina theannta sin, is gá a shoiléiriú nach bhfuil feidhm ag tréimhse bailíochta na ndeimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha a leagtar síos i bpointí II.2.8 de Chaibidlí 28 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH FISH-CRUST-HC) agus 31 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH MOL-HC) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ach i gcás na gcoinsíneachtaí d'ainmhithe uisceacha beo a chumhdaítear leis na deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla sin. Dá bhrí sin, is gá na deimhnithe caighdeánacha sin a leasú dá réir sin.
- (8) Thairis sin, le Caibidlí 33, 34 agus 35 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 leagtar amach deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha le haghaidh teacht isteach san Aontas bainne amh a bheartaítear lena chaitheamh ag an duine (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH MILK-RM); táirgí déiríochta a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine agus a dhíorthaítear ó bhainne amh nó nach gceanglaítear cóireáil maolúcháin riosca shonrach a dhéanamh orthu (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH MILK-RMP/NT); agus táirgí déiríochta a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a gceanglaítear cóireáil phaistéartha a dhéanamh orthu (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH DAIRY-PRODUCTS-PT). Mar sin féin, ní léirítear sna deimhnithe caighdeánacha sin na roghanna malartacha ar thréimhse chónaithe na n-ainmhithe óna bhfuarthas an bainne sa tríú tír, sa chríoch nó sa chríos as ar tháinig an bainne nó na táirgí déiríochta a leagtar síos anois in Airteagal 154 de Rialachán Tarmlichte (AE) 2020/692, arna leasú le déanaí ag Rialachán Tarmlichte (AE) 2021/1705. Dá bhrí sin, is gá na deimhnithe caighdeánacha sin a leasú dá réir sin.
- (9) Le Caibidil 45 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 leagtar amach an deimhniú sláinte oifigiúil caighdeánach le haghaidh teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí meala nó de tháirgí beachaireachta eile a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH HON). Chun barántúlacht na gcoinsíneachtaí sin a áirithiú, ba cheart na ráthaíochtaí le haghaidh coinsíneachtaí dá leithéid a fheabhsú trína n-ailíniú le rialacha áirithe a leagtar síos i dTreoir 2001/110/CE ón gComhairle ⁽¹⁰⁾. Dá bhrí sin, is gá an deimhniú caighdeánach sin a leasú dá réir sin.
- (10) Le Caibidlí 50 agus 52 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 leagtar amach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach le haghaidh teacht isteach san Aontas táirgí ilchodacha nach táirgí fadré iad agus táirgí ilchodacha ar táirgí fadré iad, ina bhfuil aon chainníocht feola seachas geilitín, collaigin ná táirgí an-mhínphróiseáilte agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH COMP), agus an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach le haghaidh idirthuras tríd an Aontas go dtí tríú tír, tríd an idirthuras a dhéanamh láithreach nó tar éis táirgí ilchodacha a stóráil san Aontas i gcás táirgí ilchodacha nach táirgí fadré iad agus táirgí ilchodacha ar táirgí fadré iad, ina bhfuil aon chainníocht feola agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH TRANSIT-COMP). I ngach ceann den dá dheimhniú caighdeánach sin tá fianú sláinte ainmhithe sonrath le haghaidh táirgí déiríochta atá mar chuid de tháirgí ilchodacha. Maidir leis an áit táirgthe, ní léirítear san fhianú sláinte ainmhithe an fhéidearthacht a dheimhniú gur i mBallstát, comhlíontar na ráthaíochtaí uile is gá maidir le sláinte ainmhithe, agus dá bhrí sin ba cheart an fhéidearthacht sin a bheith mar chuid de na deimhnithe caighdeánacha sin. Ina theannta sin, ba cheart an fianú sláinte ainmhithe a leasú chun soiléiriú a dhéanamh ar na roghanna éagsúla a thugtar le speiceas tionscnaimh an bhainne as ar táirgeadh na táirgí déiríochta a dheimhniú. Dá bhrí sin, is gá na deimhnithe caighdeánacha sin a leasú dá réir sin.
- (11) Ina theannta sin, ba cheart Caibidlí 50 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH COMP) agus 52 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH TRANSIT-COMP) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 a leasú le go bhféadfaidh tríú tíortha, críocha nó criosanna díobh deimhniú a dhéanamh ar thionscnaimh éagsúla táirgí próiseáilte atá mar chuid de na táirgí ilchodacha, más rud é go gcomhlíonann na táirgí sin na ceanglais ábhartha maidir le sláinte phoiblí agus sláinte ainmhithe. Dá bhrí sin, is gá na deimhnithe caighdeánacha sin a leasú dá réir sin.
- (12) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 a leasú dá réir.
- (13) Chun aon chur isteach ar thrádáil a sheachaint i dtaca le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí d'ainmhithe uisceacha beo áirithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch, ba cheart leanúint le húsáid deimhnithe a eisítear i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, mar ab infheidhme roimh na leasuithe a dhéantar sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo, ba cheart leanúint leis an úsáid sin a údarú ar feadh idirthréimhse faoi réir coinníollacha áirithe.
- (14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽¹⁰⁾ Treoir 2001/110/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2001 maidir le mil (IO L 10, 12.1.2002, lch. 47).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/2235 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Ar feadh idirthréimhse go dtí an 15 Meán Fómhair 2022, maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe uisceacha beo áirithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch, a bhfuil na deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla, na deimhnithe oifigiúla nó na deimhnithe sláinte ainmhithe cuí ag gabháil leo, arna n-eisiúint i gcomhréir leis na deimhnithe caighdeánacha a leagtar amach i gCaibidlí 1, 2, 24 go 28, 31, 33 go 35, 41 go 45, 50 agus 52 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 mar ab infheidhme roimh na leasuithe a rinneadh ar an Rialachán Cur Chun Feidhme sin leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo, leanfaidh siad d'údarú a bheith acu i dtaca le teacht isteach san Aontas ar choinníoll gur eisíodh an deimhniú an 15 Meitheamh 2022 ar a dhéanaí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 mar a leanas:

(1) I gCaibidil IV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.1.10 den fhianú sláinte poiblí:

II.1.10. maidir le heinceifileapaite spúinseach bhólachta (ESB):

⁽¹⁾ *cibé acu* [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ^(A) ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB, agus

⁽¹⁾ *cibé acu* [maidir leis na hainmhithe dá bhfuil an fheoil nó an fheoil mhionaithe díorthaithe, rugadh iad, tógadh go leanúnach agus rinneadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB;]

⁽¹⁾ *nó* [maidir leis na hainmhithe dá bhfuil an fheoil nó an fheoil mhionaithe díorthaithe, thionscain siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena bhfuil riosca rialaithe ESB ag baint;]

⁽¹⁾ *cibé acu* [(i) níl ábhar sonraithe riosca san fheoil ná san fheoil mhionaithe ná níl an fheoil ná an fheoil mhionaithe díorthaithe ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1(a) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;]

⁽¹⁾ *nó* [(i) níl ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1(a) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, sna conablaigh, sna leathchonablaigh nó sna leathchonablaigh a gearradh i níos mó ná trí ghearradh le haghaidh mórdhíola, ná sna ceathrúna, seachas an colún veirteabrach, lena n-áirítear fréamhghainglín droma, agus aithnítear na conablaigh nó na gearrthacha ainmhithe os cionn 30 mí agus a bhfuil colún veirteabrach iontu le stríoc dearg atá infheicthe go soiléir ar an lipéad dá dtagraítear in Airteagal 13 nó 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ^(B) ⁽³⁾;

(ii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil nó an fheoil mhionaithe tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad ná ní dhearnadh marú seamlais orthu tríd an modh céanna nó trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]

⁽¹⁾ *nó* [maidir leis na hainmhithe dá bhfuil an fheoil nó an fheoil mhionaithe díorthaithe, thionscain siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena bhfuil riosca neamhchinntithe ESB ag baint;]

⁽¹⁾ *cibé acu* [(i) níl ábhar sonraithe riosca san fheoil ná san fheoil mhionaithe ná níl an fheoil ná an fheoil mhionaithe díorthaithe ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1(a) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;]

⁽¹⁾ *nó* [(i) níl ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1(a) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, sna conablaigh, sna leathchonablaigh nó sna leathchonablaigh a gearradh i níos mó ná trí ghearradh le haghaidh mórdhíola, ná sna ceathrúna, seachas an colún veirteabrach, lena n-áirítear fréamhghainglín droma, agus aithnítear na conablaigh nó na gearrthacha ainmhithe os cionn 30 mí agus a bhfuil colún veirteabrach iontu le stríoc dearg atá infheicthe go soiléir ar an lipéad dá dtagraítear in Airteagal 13 nó 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ⁽³⁾;

(ii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil nó an fheoil mhionaithe tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad ná ní dhearnadh marú seamlais orthu tríd an modh céanna nó trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]

(iii) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil ná an fheoil mhionaithe min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe ⁽⁹⁾ ;

(iv) táirgeadh agus láimhseáladh an fheoil nó an fheoil mhionaithe ar bhealach lena n-áirítear nach bhfuil néarfhiócháin ná fiócháin limfe iontu agus nár éillíodh iad le fiócháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]]

⁽¹⁾ nó [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus

(a) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil nó an fheoil mhionaithe tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad ná ní dhearnadh marú seamlais orthu tríd an modh céanna nó trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaite a chur isteach sa chuas cráiniach;] agus

⁽¹⁾ cibé acu [(b) níl ábhar sonraithe riosca san fheoil ná san fheoil mhionaithe ná níl an fheoil ná an fheoil mhionaithe díorthaithe ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1(a) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;] agus]

⁽¹⁾ nó [(b) níl ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1(a) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, sna conablaigh, sna leathchonablaigh nó sna leathchonablaigh a gearradh i níos mó ná trí ghearradh le haghaidh mórdhiola, ná sna ceathrúna, seachas an colún veirteabrach, lena n-áirítear fréamhghainglín droma, agus aithnítear na conablaigh nó na gearrthacha ainmhithe os cionn 30 mí agus a bhfuil colún veirteabrach iontu le stríoc dearg atá infheicthe go soiléir ar an lipéad dá dtagraítear in Airteagal 13 nó 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ⁽⁹⁾; agus]

⁽¹⁾ cibé acu [(c) maidir leis na hainmhithe dá bhfuil an fheoil nó an fheoil mhionaithe díorthaithe, thionscain siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach nó rialaithe ESB;]

⁽¹⁾ cibé acu [(c) maidir leis na hainmhithe dá bhfuil an fheoil nó an fheoil mhionaithe díorthaithe, thionscain siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena bhfuil riosca neamhchinntithe ESB ag baint;]

(i) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil ná an fheoil mhionaithe min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;

(ii) táirgeadh agus láimhseáladh an fheoil nó an fheoil mhionaithe ar bhealach lena n-áirítear nach bhfuil néarfhiócháin ná fiócháin limfe iontu agus nár éillíodh iad le fiócháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]]

⁽¹⁾ nó go n-aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus

(a) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil nó an fheoil mhionaithe:

(i) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaite a chur isteach sa chuas cráiniach;

(ii) níor tugadh mar bheatha dóibh min feola agus cnámh nó geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;

⁽¹⁾ cibé acu [(b) níl ábhar sonraithe riosca san fheoil ná san fheoil mhionaithe ná níl an fheoil ná an fheoil mhionaithe díorthaithe ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1(a) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;]

- ⁽¹⁾ nó [(b) níl ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1(a) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, sna conablaigh, sna leathchonablaigh nó sna leathchonablaigh a gearradh i níos mó ná trí ghearradh le haghaidh mórdhíola, ná sna ceathrúna, seachas an colún veirteabrach, lena n-áirítear fréamhghainglín droma, agus aithnítear na conablaigh nó na gearrthacha ainmhithe os cionn 30 mí agus a bhfuil colún veirteabrach iontu le stríoc dearg atá infheicthe go soiléir ar an lipéad dá dtagraítear in Airteagal 13 nó 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ⁽⁹⁾;]]
- (c) níl an méid seo a leanas san fheoil ná san fheoil mhionaithe ná níl an fheoil ná an fheoil mhionaithe díorthaithe ó néarfhiócháin ná fiócháin limfe sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe.]'

^(A) Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2007 lenar bunaíodh stádas ESB Ballstát nó tríú tíortha nó réigiún díobh siúd de réir a riosca ESB (IO L 172, 30.6.2007, lch. 84).

^(B) Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Iúil 2000 lena mbunaítear córaischun bó-ainmhithe a shainnithint agus a chlárú agus maidir le mairteoil agus táirgí mairteola a lipéadú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 820/97 (IO L 204, 11.8.2000, lch. 1).

^(C) <https://www.oie.int/en/standard-setting/terrestrial-code/access-online/>

(2) I gCaibidil 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.1.10 den fhianú sláinte poiblí:

II.1.10. maidir le heinceifileapaite spúinseach bhólachta (ESB):

⁽¹⁾ *cibé acu* [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ^(P) ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB, agus

⁽¹⁾ *cibé acu* [maidir leis na hainmhithe dá bhfuil an fheoil nó an fheoil mhionaithe díorthaithe, rugadh iad, tógadh go leanúnach agus rinneadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB;]

⁽¹⁾ nó [maidir leis na hainmhithe dá bhfuil an fheoil nó an fheoil mhionaithe díorthaithe, thionscain siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena bhfuil riosca rialaithe ESB ag baint;]

(i) níl ábhar sonraithe riosca san fheoil ná san fheoil mhionaithe ná níl an fheoil ná an fheoil mhionaithe díorthaithe ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1(b) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;]

(ii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil nó an fheoil mhionaithe tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad ná ní dhearnadh marú seamlais orthu tríd an modh céanna nó trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaíthe a chur isteach sa chuas cráiniach;]

⁽¹⁾ nó [maidir leis na hainmhithe dá bhfuil an fheoil nó an fheoil mhionaithe díorthaithe, thionscain siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena bhfuil riosca neamhchinntithe ESB ag baint;]

(i) níl ábhar sonraithe riosca san fheoil ná san fheoil mhionaithe ná níl an fheoil ná an fheoil mhionaithe díorthaithe ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1(b) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;]

(ii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil nó an fheoil mhionaithe tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad ná ní dhearnadh marú seamlais orthu tríd an modh céanna nó trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaíthe a chur isteach sa chuas cráiniach;]

(iii) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil ná an fheoil mhionaithe min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe ^(E);

- (iv) táirgeadh agus láimhseáladh an fheoil nó an fheoil mhionaithe ar bhealach lena n-áirithítear nach bhfuil néarfhíocháin ná fíocháin limfe iontu agus nár éillíodh iad le fíocháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]
- ⁽¹⁾ nó [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus
- (a) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil nó an fheoil mhionaithe tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad ná ní dhearnadh marú seamlais orthu tríd an modh céanna nó trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaite a chur isteach sa chuas cráiniach;] agus
- (b) níl ábhar sonraithe riosca san fheoil ná san fheoil mhionaithe ná níl an fheoil ná an fheoil mhionaithe díorthaithe ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1(b) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;] agus
- ⁽¹⁾ cibé acu [(c) maidir leis na hainmhithe dá bhfuil an fheoil nó an fheoil mhionaithe díorthaithe, thionscain siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach nó rialaithe ESB;]
- ⁽¹⁾ nó [(c) maidir leis na hainmhithe dá bhfuil an fheoil nó an fheoil mhionaithe díorthaithe, thionscain siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena bhfuil riosca neamhchinntithe ESB ag baint;]
- (i) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil ná an fheoil mhionaithe min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;
- (ii) táirgeadh agus láimhseáladh an fheoil nó an fheoil mhionaithe ar bhealach lena n-áirithítear nach bhfuil néarfhíocháin ná fíocháin limfe iontu agus nár éillíodh iad le fíocháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]
- ⁽¹⁾ nó go n-aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus
- (a) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil nó an fheoil mhionaithe:
- (i) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaite a chur isteach sa chuas cráiniach;
- (ii) níor tugadh mar bheatha dóibh min feola agus cnámh nó geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;
- (b) níl an méid seo a leanas san fheoil ná san fheoil mhionaithe ná níl an fheoil ná an fheoil mhionaithe díorthaithe ón méid seo a leanas:
- (i) ábhar sonraithe riosca mar a shainmhínítear i bpointe 1(b) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;
- (ii) néarfhíocháin agus fíocháin limfe a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]

^(P) Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2007 lenar bunaíodh stádas ESB Ballstát nó tríú tíortha nó réigiún díobh siúd de réir a riosca ESB (IO L 172, 30.6.2007, lch. 84).

^(E) <https://www.oie.int/en/standard-setting/terrestrial-code/access-online/>

(3) leasaítear Caibidil 24 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.1.11 den fhianú sláinte poiblí:

⁽²⁾ [II.1.11. más amhlaidh go bhfuil ábhar iontu ó bhó-ainmhithe, ó ainmhithe de chineál caorach nó ó ainmhithe de chineál gabhair, maidir le heinceifileapaite spúnseach bhólachta (ESB):

⁽²⁾ *cibé acu* [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ⁽¹⁾ ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB, agus

⁽²⁾ *cibé acu* [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an ullmhóid feola, rugadh iad, tógadh go leanúnach iad agus rinneadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB iontu;]

⁽²⁾ *nó* [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an ullmhóid feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB ina raibh aon chás dúchasach ESB amháin ar a laghad, agus níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair san ullmhóid feola, ná ní dhíorthaítear an ullmhóid ó fheoil den sórt sin;]

⁽²⁾ *nó* [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an ullmhóid feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB agus:

(i) níl ábhar sonraithe riosca san ullmhóid feola ná ní dhíorthaítear an ullmhóid ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;

(ii) níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair san ullmhóid feola ná ní dhíorthaítear an ullmhóid ó fheoil den sórt sin;

(iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an ullmhóid feola tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach ná níor maraíodh iad tríd an modh céanna nó trí iad a stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]

⁽²⁾ *nó* [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an ullmhóid feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB;]

(i) níl ábhar sonraithe riosca san ullmhóid feola ná ní dhíorthaítear an ullmhóid ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;

(ii) níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair san ullmhóid feola ná ní dhíorthaítear an ullmhóid ó fheoil den sórt sin;

(iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an ullmhóid feola tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach ná níor maraíodh iad tríd an modh céanna nó trí iad a stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]

(iv) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear an ullmhóid feola min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe ⁽²⁾;

(v) táirgeadh agus láimhsíodh an ullmhóid feola ar bhealach lena n-áirítear nach bhfuil néarfhíocháin ná fíocháin limfe ann agus nár éillíodh é le fíocháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]

- ⁽²⁾ nó [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus
- (a) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an ullmhóid feola tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach ná níor maraíodh iad tríd an modh céanna nó trí iad a stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chuir isteach sa chuas cráiniach;
- (b) níl an méid seo a leanas san ullmhóid feola ná ní dhíorthaítear an ullmhóid ón méid seo a leanas:
- (i) ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001:
- (ii) feoil atá díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair.
- ⁽²⁾ cibé acu [(c) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an ullmhóid feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach nó rialaithe ESB;]
- ⁽²⁾ nó [(c) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an ullmhóid feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB
- (i) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear an ullmhóid feola min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;
- (ii) táirgeadh agus láimhsíodh an ullmhóid feola ar bhealach lena n-áiríthítear nach bhfuil néarfhíocháin ná fíocháin limfe ann agus nár éillíodh é le fíocháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]]
- ⁽²⁾ nó go n-aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus
- (a) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an ullmhóid feola:
- (i) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;
- (ii) níor tugadh mar bheatha dóibh min feola agus cnámh nó geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;
- (b) níl an méid seo a leanas san ullmhóid feola ná ní dhíorthaítear an ullmhóid ón méid seo a leanas:
- (i) ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001:
- (ii) feoil atá díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair;
- (iii) néarfhíocháin agus fíocháin limfe a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe.]]'

^(f) Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2007 lenar bunaíodh stádas ESB Ballstát nó tríú tíortha nó réigiún díobh siúd de réir a riosca ESB (IO L 172, 30.6.2007, lch. 84).

^(g) <https://www.oie.int/en/standard-setting/terrestrial-code/access-online/>

- (b) sna Nótaí, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre agus an dara mír réamhráiteach:

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach.

Tá an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo beartaithe le haghaidh teacht isteach ullmhóidí feola (mar a shainmhínítear i bpointe 1.15 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004) san Aontas a ullmhaíodh ó fheoil úr bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus/nó ainmhithe den chineál gabhair, pórtha clóis muc-ainmhithe, ainmhithe den chineál camaill agus/nó ainmhithe den chineál fia agus/nó ainmhithe den fhine Bovidae seachas bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair, pórtha fiáine muc-ainmhithe, leipiridigh, éanlaith chlóis seachas raitítigh, raitítigh, éanlaith ghéim, agus mamaigh thalún fhiáine seachas crúbacha agus leipiridigh lena n-áirítear nuair nach é an tAontas an ceann scribe deiridh le haghaidh na hullmhóide feola sin.

(4) leasaítear Caibidil 25 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.1.4.1 den fhianú sláinte poiblí:

'(1)[II.1.4.1. más amhlaidh go bhfuarthas iad ó fheoil muc-ainmhithe clóis, go gcomhlíonann an fheoil sin ceanglais Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375 ⁽¹⁾ ón gCoimisiún, agus go háirithe:

⁽¹⁾ *cibé acu* [go ndearnadh scrúdú de réir modh díleá le haghaidh *Trichinella* orthu agus go raibh torthaí diúltacha ar an scrúdú sin;]

⁽¹⁾ *nó* [go ndearnadh cóireáil reoite orthu i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375;]

⁽¹⁾⁽⁹⁾ *nó* [i gcás feola ó mhuc-ainmhithe clóis a dhéantar a choimeád lena ramhrú agus lena marú seamlais agus chun na gcríoch sin amháin, go dtagann an fheoil ó ghabháiltais nó ó chatagóir gabháiltais atá aitheanta go hoifigiúil ag na húdaráis inniúla mar ghabháiltais atá saor ó *Trichinella* i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375;]

⁽¹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2015 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla le haghaidh *Trichinella* i bhfeoil (IO L 212, 11.8.2015, lch. 7).

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.1.11 den fhianú sláinte poiblí:

'⁽²⁾[II.1.11. más amhlaidh go bhfuil ábhar iontu ó bhó-ainmhithe, ó ainmhithe de chineál caorach nó ó ainmhithe de chineál gabhair, maidir le heinceifileapaite spúinseach bhólachta (ESB):

⁽²⁾ *cibé acu* [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ⁽¹⁾ ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB, agus

⁽²⁾ *cibé acu* [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, rugadh iad, tógadh go leanúnach iad agus rinneadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB iontu;]

⁽²⁾ *nó* [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB ina raibh aon chás dúchasach ESB amháin ar a laghad, agus níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sna táirgí feola, ná ní dhíorthaítear na táirgí ó fheoil den sórt sin;]

⁽²⁾ *nó* [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB agus:

(i) níl ábhar sonraithe riosca sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;

(ii) níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ó fheoil den sórt sin;

(iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]

⁽²⁾ nó [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB agus:

(i) níl ábhar sonraithe riosca sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;

(ii) níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ó fheoil den sórt sin;

(iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]

(iv) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (');

(v) táirgeadh agus láimhsíodh na táirgí feola ar bhealach lena n-áirítear nach bhfuil néarfhiócháin ná fíocháin limfe iontu agus nár éillíodh iad le fíocháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]]

⁽²⁾ nó [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus

(a) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;

(b) níl an méid seo a leanas sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ón méid seo a leanas:

(i) ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001:

(ii) feoil atá díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair.

⁽²⁾ cibé acu [(c) [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach nó rialaithe ESB agus:

⁽²⁾ nó [(c) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB agus

(i) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;

(ii) táirgeadh agus láimhsíodh na táirgí feola ar bhealach lena n-áirítear nach bhfuil néarfhiócháin ná fíocháin limfe iontu agus nár éillíodh iad le fíocháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]]

⁽²⁾ nó go n-aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus

(a) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola:

- (i) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;
- (ii) níor tugadh mar bheatha dóibh min feola agus cnámh nó geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;

(b) níl an méid seo a leanas sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ón méid seo a leanas:

- (i) ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001:
- (ii) feoil atá díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair;
- (iii) néarfhiócháin agus fíocháin limfe a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe.]]'

⁽¹⁾ Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2007 lenar bunaíodh stádas ESB Ballstát nó tríú tíortha nó réigiún díobh siúd de réir a riosca ESB (IO L 172, 30.6.2007, lch. 84).

⁽²⁾ <https://www.oie.int/en/standard-setting/terrestrial-code/access-online/>

(c) Cuirtear na pointí II.1.1.3. agus II.1.1.4. seo a leanas leis an bhfianú sláinte poiblí i ndiaidh phointe II.1.1.2.:

'(1)(10) [II.1.1.3. más ann d'ábhar ó cervidae saothraithe:

más amhlaidh go bhfuil feoil sa táirge nó má dhíorthaítear é go heisiach ó fheoil, cé is moite de scairteach agus corda an dromlaigh, ó ainmhithe saothraithe den chineál fia a ndearnadh scrúdú orthu le haghaidh Galar Sirg Ainsealach le histeapaiteolaíocht, histiceimic imdhíonachta nó modh diagnóiseach eile atá aitheanta ag na húdaráis inniúla agus a raibh torthaí diúltacha air agus nach ndíorthaítear é ó ainmhithe ó thréad inar deimhníodh galar sirg ainsealach nó a bhfuil amhras oifigiúil ann go bhfuil Galar Sirg Ainsealach sa tréad.]'

⁽¹⁾⁽¹¹⁾ [II.1.1.4. más ann d'ábhar ó cervidae fiáin:

más amhlaidh go bhfuil feoil sa táirge nó má dhíorthaítear é go heisiach ó fheoil, cé is moite de scairteach agus corda an dromlaigh, ó ainmhithe fiáine den chineál fia a ndearnadh scrúdú orthu le haghaidh Galar Sirg Ainsealach le histeapaiteolaíocht, histiceimic imdhíonachta nó modh diagnóiseach eile atá aitheanta ag na húdaráis inniúla agus a raibh torthaí diúltacha air agus nach ndíorthaítear é ó ainmhithe ó réigiún inar deimhníodh galar sirg ainsealach sna 3 bliana seo a chuaigh thart nó a bhfuil amhras oifigiúil ann go bhfuil galar sirg ainsealach ann.];

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.2.5 agus II.2.6 den fhianú sláinte poiblí:

II.2.5. a ndearnadh é a phróiseáil ó fheoil úr a fuarthas ó:

⁽¹⁾ cibé acu [ainmhithe a choimeádtar i mbunaíocht nach raibh faoi réir beart srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmilgthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾ agus galair atá ag teacht chun cinn tráth seolta na n-ainmhithe chuig an seamlas agus sa bhunaíocht agus timpeall na bunaíochta, i limistéar ga 10 km, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, críoch tíre comharsanachta, níor tuairiscíodh na galair sin le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.];

⁽¹⁾ nó [ainmhithe fiáine de thionscnamh áit nár tuairiscíodh aon cheann de na galair a liostaítear inti nó timpeall uirthi le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta seolta an táirge feola chuig an Aontas, ar galair iad atá ábhartha maidir le speicis tionscnaimh na dtáirgí feola i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmilgthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún].'

II.2.6. a láimhseáladh tar éis próiseála go dtí pacáistiú ar bhealach lena gcoiscfí traséiliú lena bhféadfaí riosca ó thaobh na sláinte ainmhithe de a thabhairt isteach;

⁽⁸⁾ [II.2.7. tá sí beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle gan vacsaíní i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ^(l) ón gCoimisiún, agus fuarthas í ó éanlaith chlóis nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle le vacsaín bheo sa tréimhse 30 lá roimh dháta an mharaithe seamlais].

^(k) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

^(l) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothúcháin, agus stádas saor ó ghalair i gcás galair áirithe atá liostaithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).

(e) cuirtear na fonótaí (9) go (11) seo a leanas leis na Nótaí a ghabhann le Cuid II i ndiaidh fhonóta (8):

⁽⁹⁾ Ní féidir an maolú maidir le muc-ainmhithe clóis a thagann ó ghabháltas a aithnítear go hoifigiúil mar ghabháltas ina gcuirtear i bhfeidhm coinníollacha tithíochta rialaithe, a chur i bhfeidhm ach amháin sna tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375.

⁽¹⁰⁾ Is infheidhme i gcás ina bhfuarthas an fheoil ó thír a luaitear i bpointe 1 de Chaibidil F d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001.

⁽¹¹⁾ Is infheidhme i gcás ina bhfuarthas an fheoil ó thír a luaitear i bpointe 2 de Chaibidil F d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001.

(5) leasaítear Caibidil 26 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.1.11 den fhianú sláinte poiblí:

'(1)II.1.11. más amhlaidh go bhfuil ábhar iontu ó bhó-ainmhithe, ó ainmhithe de chineál caorach nó ó ainmhithe de chineál gabhair, maidir le heinceifileapaite spúnseach bhólachta (ESB):

⁽¹⁾ *cibé acu* [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CÉ ^(m) ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB, agus

⁽¹⁾ *cibé acu* [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, rugadh iad, tógadh go leanúnach iad agus rinneadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB iontu;]

⁽¹⁾ *nó* [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB ina raibh aon chás dúchasach ESB amháin ar a laghad, agus níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sna táirgí feola, ná ní dhíorthaítear na táirgí ó fheoil den sórt sin;]

⁽¹⁾ *nó* [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB agus:

(i) níl ábhar sonraithe riosca sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;

(ii) níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ó fheoil den sórt sin;

(iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]

⁽¹⁾ nó [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB agus:

(i) níl ábhar sonraithe riosca sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;

(ii) níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ó fheoil den sórt sin;

(iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]

(iv) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe ^(N);

(v) táirgeadh agus láimhsíodh na táirgí feola ar bhealach lena n-áirithítear nach bhfuil néarfhiócháin ná fiócháin limfe iontu agus nár éillíodh iad le fiócháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]

⁽¹⁾ nó [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus

(a) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;

⁽¹⁾ cibé acu [(b) níl an méid seo a leanas sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ón méid seo a leanas:

(i) ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001:

(ii) feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair.]

⁽¹⁾ nó [(b) maidir leis na hinní cóireáilte atá sna táirgí feola agus óna ndíorthaítear na táirgí sin, fuarthas iad ó ainmhithe a rugadh, a tógadh go leanúnach agus a ndearnadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB iontu;]

⁽¹⁾ nó [(b) maidir leis na hinní cóireáilte atá sna táirgí feola agus óna ndíorthaítear na táirgí sin, fuarthas iad ó ainmhithe a thionscnaíonn ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB ina raibh aon chás dúchasach ESB amháin ar a laghad, agus:

⁽¹⁾ cibé acu [(i) rugadh na hainmhithe tar éis an dáta a forfheidhmíodh an toirmeasc ar mhíne feola agus cnámh agus geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, a thabhairt mar bheatha d'athchogantaigh;]

- ⁽¹⁾nó [(i) níl ábhar sonraithe riosca sna hinní cóireáilte de bhunadh bó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach agus ainmhithe de chineál gabhair ná ní dhíorthaítear iad ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001.]]
- ⁽¹⁾ *cibé acu* [(c) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach nó rialaithe ESB;]
- ⁽¹⁾ *nó* [(c) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB agus
- (i) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;
- (ii) táirgeadh agus láimhsíodh na táirgí feola ar bhealach lena n-áirithítear nach bhfuil néarfhiócháin ná fíocháin limfe iontu agus nár éillíodh iad le fíocháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]
- ⁽¹⁾ *nó* go n-aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus
- (a) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola:
- (i) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaite a chur isteach sa chuas cráiniach;
- (ii) níor tugadh mar bheatha dóibh min feola agus cnámh nó geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;
- ⁽¹⁾ *cibé acu* [(b) níl an méid seo a leanas sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ón méid seo a leanas:
- (i) ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;
- (ii) feoil atá díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair;
- (iii) néarfhiócháin agus fíocháin limfe a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe.]
- ⁽¹⁾ *nó* [(b) maidir leis na hinní cóireáilte atá sna táirgí feola agus óna ndíorthaítear na táirgí sin, fuarthas iad ó ainmhithe a rugadh, a tógadh go leanúnach agus a ndearnadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB iontu;]
- ⁽¹⁾ *nó* [(b) maidir leis na hinní cóireáilte atá sna táirgí feola agus óna ndíorthaítear na táirgí sin, fuarthas iad ó ainmhithe a thionscnaíonn ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB ina raibh aon chás dúchasach ESB amháin ar a laghad, agus:
- ⁽¹⁾ *cibé acu* [(i) rugadh na hainmhithe tar éis an dáta a forfheidhmíodh an toirmeasc ar mhín feola agus cnámh agus geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, a thabhairt mar bheatha d'athchogantaigh;]

- ⁽ⁱ⁾nó (i) níl ábhar sonraithe riosca sna hinní cóireáilte de bhunadh bó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach agus ainmhithe de chineál gabhair ná ní dhíorthaítear iad ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001.'

^(M) Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2007 lenar bunaíodh stádas ESB Ballstát nó tríú tíortha nó réigiún díobh siúd de réir a riosca ESB (IO L 172, 30.6.2007, lch. 84).

^(N) <https://www.oie.int/en/standard-setting/terrestrial-code/access-online/>

- (b) cuirtear na pointí II.1.13. agus II.1.14. seo a leanas leis an bhfianú sláinte poiblí i ndiaidh phointe II.1.12.:

'(1)(11) [II.1.13. más ann d'ábhar ó cervidae saothraithe:

más amhlaidh go bhfuil feoil sa táirge nó má dhíorthaítear é go heisiach ó fheoil, cé is moite de scairteach agus corda an dromlaigh, ó ainmhithe saothraithe den chineál fia a ndearnadh scrúdú orthu le haghaidh Galar Sirg Ainsealach le histeapaiteolaíocht, histiceimic imdhíonachta nó modh diagnóiseach eile atá aitheanta ag na húdaráis inniúla agus a raibh torthaí diúltacha air agus nach ndíorthaítear é ó ainmhithe ó thréad inar deimhníodh galar sirg ainsealach nó a bhfuil amhras oifigiúil ann go bhfuil Galar Sirg Ainsealach sa tréad.]

⁽¹⁾⁽¹²⁾ [II.1.14. más ann d'ábhar ó cervidae fiáin:

más amhlaidh go bhfuil feoil sa táirge nó má dhíorthaítear é go heisiach ó fheoil, cé is moite de scairteach agus corda an dromlaigh, ó ainmhithe fiáine den chineál fia a ndearnadh scrúdú orthu le haghaidh Galar Sirg Ainsealach le histeapaiteolaíocht, histiceimic imdhíonachta nó modh diagnóiseach eile atá aitheanta ag na húdaráis inniúla agus a raibh torthaí diúltacha air agus nach ndíorthaítear é ó ainmhithe ó réigiún inar deimhníodh galar sirg ainsealach sna 3 bliana seo a chuaigh thart nó a bhfuil amhras oifigiúil ann go bhfuil galar sirg ainsealach ann.];'

- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí II.2.2 go II.2.4 den fhianú sláinte poiblí:

⁽¹⁾ *cibé acu* [II.2.2. a próiseáladh ó fheoil úr ó **aon speiceas amháin d'ainmhithe**, le cód ____ ⁽⁴⁾, agus go ndearnadh cóireáil shonrach ____ ar an bhfeoil úr a úsáideadh le haghaidh an táirge feola⁽⁵⁾, a shanntar go sonrach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a bhaineann le speiceas tionscnaimh na feola úire agus leis an gcrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1. agus a fuarthas ó ainmhithe a dhéantar a choimeád i mbunaíocht atá lonnaithe:

⁽¹⁾ *cibé acu* [sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1.];]

⁽¹⁾ *nó* [an crios lena mbaineann an cód ____ ⁽⁶⁾, a liostaítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúil seo, maidir le teacht isteach feola úire san Aontas ó speiceas na n-ainmhithe dár próiseáladh an táirge feola i

⁽¹⁾ *cibé acu* [Cuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, i gás feola úire ó chrúbacha;]] ⁽⁷⁾

⁽¹⁾ *nó* [Cuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, i gcás feola úire ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim;]]

⁽¹⁾ *nó* [ó Bhallstát;]]

⁽¹⁾ *nó* [II.2.2. a próiseáladh ó fheoil úr éanlaithe chlóis, le cód ____ ⁽⁴⁾, a thionscnaíonn ó chrios a liostaítear maidir le teacht isteach feola úire san Aontas ó éanlaith chlóis ina raibh cás nó ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle agus go ndearnadh cóireáil shonrach 'D' ar a laghad ar an bhfeoil úr a úsáideadh chun an táirge feola a phróiseáil ⁽⁵⁾;]

⁽¹⁾ *nó* [II.2.2. a próiseáladh agus **feoil úr á meascadh ó speicis dhifriúla ainmhithe** le cód ____, ____, ____ ⁽⁴⁾, agus maidir leis an bhfeoil úr sin:

⁽¹⁾ *cibé acu* [II.2.2.1. gur **meascadh í roimh an gcóireáil chríochnaitheach** agus, tar éis a measctha, go ndearnadh cóireáil shonrach _____⁽⁵⁾ uirthi, toisc gurb í an ceann is tromchúisí de na cóireálacha a shanntar go sonrach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, a bhaineann le speicis tionscnaimh dhifriúla na feola úire agus leis an gcrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1., agus go bhfuarthas í ó ainmhithe a dhéantar a choimeád i mbunaíocht atá lonnaithe:

⁽¹⁾ *cibé acu* [sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1.];]

⁽¹⁾ *nó* [an crios le

⁽¹⁾ [cód _____⁽⁶⁾, a liostaítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúil seo, i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le teacht isteach feola úire san Aontas ó speiceas na n-ainmhithe dár próiseáladh an táirge feola;]⁽⁷⁾

⁽¹⁾ [cód _____⁽⁶⁾, a liostaítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúil seo, i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le teacht isteach feola úire san Aontas ó speiceas na n-ainmhithe dár próiseáladh an táirge feola;]]

⁽¹⁾ *nó* [ó Bhallstát.]]

⁽¹⁾ *nó* [II.2.2.1. gur XIX agus, roimh an meascadh, go ndearnadh cóireáil shonrach (cóireálacha sonracha) _____, _____, _____⁽⁸⁾ uirthi, mar a shanntar go sonrach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, a bhaineann le speicis tionscnaimh dhifriúla na feola úire agus leis an gcrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1., agus go bhfuarthas í ó ainmhithe a dhéantar a choimeád i mbunaíocht atá lonnaithe:

⁽¹⁾ *cibé acu* [sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1.];]

⁽¹⁾ *nó* [an crios le

⁽¹⁾ [cód _____⁽⁶⁾, a liostaítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúil seo, i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le teacht isteach feola úire san Aontas ó speiceas na n-ainmhithe dár próiseáladh an táirge feola;]⁽⁷⁾

⁽¹⁾ [cód _____⁽⁶⁾, a liostaítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúil seo, i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le teacht isteach feola úire san Aontas ó speiceas na n-ainmhithe dár próiseáladh an táirge feola;]]

⁽¹⁾ *nó* [ó Bhallstát.]]

⁽¹⁾ *nó* [II.2.2. gur

(a) próiseáladh ó **fheoil úr ó aon speiceas amháin d'ainmhithe nó ó fheoil úr a meascadh ó speicis dhifriúla ainmhithe**, le cóid _____, _____, _____⁽⁴⁾;

(b) a próiseáladh ó fheoil úr a fuarthas ó ainmhithe a dhéantar a choimeád i mbunaíocht/mbunaíochtaí atá lonnaithe sa chrios/sna criosanna le cóid/cóid _____, _____, ⁽³⁾ a liostaítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúil seo, i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le teacht isteach táirgí feola san Aontas faoi réir ceann amháin de na cóireálacha sonracha a chur i bhfeidhm a shainmhínítear in Iarscríbhinn XXVI a ghabhann le Rialachán Tarmiligthe (AE) 2020/692 ⁽⁹⁾ maidir le feoil úr an speicis ábhartha;

(c) **ar a ndearnadh 'cóireáil shonrach B'⁽⁵⁾;**

II.2.3. a ndearnadh é a phróiseáil ó fheoil úr a fuarthas ó:

⁽¹⁾ *cibé acu* [ainmhithe a choimeádtar i mbunaíocht nach raibh faoi réir beart srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn tráth seolta na n-ainmhithe chuig an seamlas agus sa bhunaíocht agus timpeall na bunaíochta, i limistéar ga 10 km, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, críoch tíre comharsanachta, níor tuairiscíodh na galair sin le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas;]

⁽¹⁾ *nó* [ainmhithe fiáine de thionscnamh áit nár tuairiscíodh aon cheann de na galair a liostaítear inti nó timpeall uirthi le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta seolta an táirge feola chuig an Aontas, ar galair iad atá ábhartha maidir le speicis tionscnaimh na dtáirgí feola i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún;],

II.2.4. tar éis próiseála, a láimhseáladh go dtí pacáistiú ar bhealach lena gcoiscfí traséiliú lena bhféadfaí riosca ó thaobh na sláinte ainmhithe de a thabhairt isteach;

⁽⁹⁾ [II.2.5. [tá II.2.6 beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ^(p) ón gCoimisiún, agus fuarthas í ó éanlaith chlóis nár vacsaíodh in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle le vacsaín bheo sa tréimhse 30 lá roimh dháta an mharaithe seamlais].

⁽⁹⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

^(p) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothúcháin, agus stádas saor ó ghalair i gcás galair áirithe atá liostaithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).'

(d) cuirtear na fonótaí (11) go (12) seo a leanas leis na Nótaí a ghabhann le Cuid II i ndiaidh fhonóta (10):

⁽¹¹⁾ Is infheidhme i gcás ina bhfuarthas an fheoil ó thír a luaitear i bpointe 1 de Chaibidil F d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001.

⁽¹²⁾ Is infheidhme i gcás ina bhfuarthas an fheoil ó thír a luaitear i bpointe 2 de Chaibidil F d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001.'

(6) leasaítear Caibidil 27 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.1.7 den fhianú sláinte poiblí:

'(1)III.1.7. Más amhlaidh go ndíorthaítear ó bhó-ainmhithe, ó ainmhithe de chineál caorach nó ó ainmhithe de chineál gabhair, maidir le heinceifileapaite spúinseach bhólachta (ESB):

⁽¹⁾ *cibé acu* [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ^(q) ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB, agus⁽⁴⁾

⁽¹⁾ [maidir leis na hainmhithe dár díorthaíodh na cásálacha, rugadh iad, tógadh go leanúnach iad agus rinneadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB;]

⁽¹⁾ [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na cásálacha, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB agus:

(i) má dhíorthaítear ó bhó-ainmhithe iad, níl ábhar sonraithe riosca sna cásálacha ná ní dhíorthaítear na cásálacha ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V pointe 1(a)(iii) a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;

(ii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear na cásálacha tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach ná níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaíthe a chur isteach sa chuas cráiniach;]

⁽¹⁾ [maidir leis na hainmhithe dár díorthaíodh na cásálacha, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB agus:

(i) má dhíorthaítear ó bhó-ainmhithe iad, níl ábhar sonraithe riosca sna cásálacha ná ní dhíorthaítear na cásálacha ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V pointe 1(a)(iii) a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;

(ii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear na cásálacha tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach ná níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaíthe a chur isteach sa chuas cráiniach;

(iii) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear na cásálacha min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe ⁽⁸⁾;]

⁽¹⁾ nó nó [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus ⁽⁴⁾

⁽¹⁾ [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na cásálacha, rugadh iad, tógadh go leanúnach iad agus rinneadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB inti nó ann;]

⁽¹⁾ [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na cásálacha, rugadh iad, tógadh go leanúnach iad agus rinneadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB i gcás ina raibh cás dúchasach ESB amháin ar a laghad ann, agus i gcás ina ndíorthaítear na cásálacha ó bhó-ainmhithe;]

(i) rugadh na hainmhithe tar éis an dáta a forfheidhmíodh an toirmeasc ar mhin feola agus cnámh agus geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, a thabhairt mar bheatha d'athchogantaigh,

(ii) níl ábhar sonraithe riosca sna cásálacha ná ní dhíorthaítear na cásálacha ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1(a) (iii) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001.]

⁽¹⁾ [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na cásálacha, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB agus:

(i) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear na cásálacha tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach ná níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaíthe a chur isteach sa chuas cráiniach,

(ii) má dhíorthaítear ó bhó-ainmhithe iad, níl ábhar sonraithe riosca sna cásálacha ná ní dhíorthaítear na cásálacha ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1(a)(iii) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;]

⁽¹⁾ [maidir leis na hainmhithe dár díorthaíodh na cásálacha, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB agus:

- (i) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear na cásálacha tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach ná níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach,
- (ii) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear na cásálacha min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;
- (iii) má dhíorthaítear ó bhó-ainmhithe iad, níl ábhar sonraithe riosca sna cásálacha ná ní dhíorthaítear na cásálacha ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1(a)(iii), d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;]

⁽¹⁾ nó [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinnitithe ESB, agus⁽⁴⁾

⁽¹⁾ [go gcomhlíonann na cásálacha agus na hainmhithe óna ndíorthaítear na cásálacha na ceanglais seo a leanas:

- (i) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear na cásálacha tarr éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach ná níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;
- (ii) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear na cásálacha min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;
- (iii) má dhíorthaítear ó bhó-ainmhithe iad, níl ábhar sonraithe riosca sna cásálacha ná ní dhíorthaítear na cásálacha ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1(a)(iii) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;]

⁽¹⁾ [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na cásálacha, rugadh iad, tógadh go leanúnach iad agus rinneadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB inti nó ann;]

⁽¹⁾ [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na cásálacha, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB ina raibh cás dúchasach ESB amháin ar a laghad agus i gcás ina ndíorthaítear na cásálacha ó bhó-ainmhithe:

- (i) rugadh na hainmhithe tar éis an dáta a forfheidhmíodh an toirmeasc ar mhin feola agus cnámh agus geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, a thabhairt mar bheatha d'athchogantaigh,
- (ii) níl ábhar sonraithe riosca sna cásálacha ná ní dhíorthaítear na cásálacha ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1(a) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001.]

⁽²⁾ Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2007 lenar bunaíodh stádas ESB Ballstát nó tríú tíortha nó réigiún díobh siúd de réir a riosca ESB (IO L 172, 30.6.2007, lch. 84).

⁽⁴⁾ <https://www.oie.int/en/standard-setting/terrestrial-code/access-online/>

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.2.2 den fhianú sláinte poiblí:

'(1)cibé acu [II.2.2. ar

- (a) próiseáladh iad de lamhnáin agus/nó inní a fuarthas ó [bhó-ainmhithe]⁽¹⁾, [ainmhithe de chineál caorach agus/nó ainmhithe de chineál gabhair]⁽¹⁾, [muc-ainmhithe ar coimeád]⁽¹⁾, agus

(b) gur próiseáladh agus gur seoladh iad **ón gcrios/ó na criosanna** leis an gcód/na cóid: _____⁽³⁾, a údaraítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúil seo, maidir le teacht isteach feola úire san Aontas ó speiceas na n-ainmhithe sin agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, gan aon choinníoll sonracha á shonrú i gcolún 5 den tábla atá i gCuid 1 den Iarscríbhinn sin;]

⁽¹⁾ nó [II.2.2. próiseáladh iad de lamhnáin agus/nó inní a fuarthas ó [bhó-ainmhithe]⁽⁴⁾, [ainmhithe de chineál caorach agus/nó ainmhithe de chineál gabhair]⁽⁴⁾, [muc-ainmhithe ar coimeád]⁽⁴⁾ agus i rith a bpróiseála:

⁽¹⁾ *cibé acu* [sailleadh le clóiríd sóidiam (NaCl) iad, cibé acu agus iad tirim nó mar sháile sáithithe ($aw < 0,80$), ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá nó níos faide, ag teocht 20 °C nó os a cionn;]]

⁽¹⁾ nó [sailleadh iad le salann arna fhorlónadh le fosfáit ina bhfuil 86.5 % NaCl, 10.7 % Na_2HPO_4 agus 2.8 % Na_3PO_4 (meáchan/meáchan/meáchan), cibé acu agus iad tirim nó mar sháile sáithithe ($aw < 0,80$), ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá nó níos faide, ag teocht 20 °C nó os a cionn;]]

⁽¹⁾ nó [II.2.2. próiseáladh iad de lamhnáin agus/nó inní a fuarthas ó ainmhithe seachas bó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach, ainmhithe de chineál gabhair agus/nó muc-ainmhithe agus i rith a bpróiseála:

⁽¹⁾ *cibé acu* [sailleadh le clóiríd sóidiam (NaCl) iad ar feadh 30 lá;]]

⁽¹⁾ nó [tuartha;]]

⁽¹⁾ nó [triomaíodh iad tar éis iad a scríobadh;]]'

(7) leasaítear Caibidil 28 mar a leanas:

(a) leasaítear an fianú sláinte ainmhithe mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.2.3.3:

'II.2.3.3. Ainmhithe uisceacha is ea iad a sheoltar ón áit tionscnaimh go díreach chuig an Aontas;'

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.2.6.3:

'II.2.6.3. ón am luchtaithe ag an áit tionscnaimh go dtí an t-am teachta san Aontas, nach n-iompraítear na hainmhithe sa choinsíneacht san uisce céanna nó ⁽⁴⁾[sa choimeádán] ⁽⁴⁾[sa bhád umair] céanna in éineacht le hainmhithe uisceacha ag a bhfuil stádas sláinte níos ísle nó nach bhfuil beartaithe le teacht isteach san Aontas'

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí II.2.7.3 agus II.2.8:

'(4)[II.2.7.3. I gcás táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo, tá ceann de na ráitis seo a leanas ar a laghad ar an lipéad inléite infheicthe dá dtagraítear i bpointe II.2.7.1.:

(a) 'iasc a bheartaítear lena chaitheamh ag an duine tar éis tuilleadh próiseála a dhéanamh san Aontas Eorpach;'

(b) 'crústaigh a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine tar éis tuilleadh próiseála a dhéanamh san Aontas Eorpach;']

⁽⁴⁾⁽¹⁰⁾ II.2.8. **Bailíocht an deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúil**

Tá an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo bailí ar feadh tréimhse 10 lá ón dáta eisiúna. I gcás ina n-iompraítear ainmhithe uisceacha ar uiscebhealach/ar muir, féadfar síneadh a chur leis an tréimhse 10 lá sin ar feadh an turais ar uiscebhealach/ar muir.

(b) Leasaítear na Nótaí mar seo a leanas:

(i) sa chuid réamhrá ite, cuirtear isteach an cur síos seo a leanas ar "Próiseáil bhreise" i ndiaidh an chur síos ar "Ainmhithe do bharshaothraithe":

"Ciallaíonn 'próiseáil bhreise' aon chineál beart agus teicnící, a dhéantar sula gcuirtear ar an margadh lena gcaitheamh ag an duine iad, a mbíonn tionchar acu ar fholláine anatamaíoch, amhail fuiliú, dí-inniú, ceanteideal, slisniú agus filléadú a tháirgeann dramhaíl nó seachtháirgí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis an mbaol go leathfadh an galar."

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhoíota (2) de na Nótaí a ghabhann le Cuid II:

⁽²⁾ Níl feidhm ag Cuid II.2. den deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo agus ba cheart í a scriosadh i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas sa choinsíneacht: speicis seachas iad siúd a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾; nó (b) ainmhithe uisceacha fiáine agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe uisceacha sin a thugtar i dtír le soithí iascaireachta lena gcaitheamh ag an duine; nó (c) táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha, seachas ainmhithe uisceacha beo, atá réidh lena gcaitheamh go díreach ag an duine gan a bheith á bpróiseáil tuilleadh san Aontas.’

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le cur i bhfeidhm rialacha áirithe maidir le galair a chosc agus a rialú ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a chruthaíonn baol suntasach do leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).’

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhoíota (10) a ghabhann leis na Nótaí a ghabhann le Cuid II:

⁽¹⁰⁾ Ní bheidh feidhm acu ach maidir le coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha beo.

⁽¹¹⁾ le síniú ag:

— tréidlia oifigiúil nuair nach scriostar Cuid II.2. An fianú sláinte ainmhithe

— oifigeach deimhniúcháin nó tréidlia oifigiúil a scriostar Cuid II.2 Am Fianú sláinte ainmhithe.’

(8) leasaítear Caibidil 31 mar a leanas:

(a) leasaítear an fianú sláinte ainmhithe mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe II.2.3.3:

‘II.2.3.3. Ainmhithe uisceacha is ea iad a sheoltar ón áit tionscnaimh go díreach chuig an Aontas;’

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe II.2.6.3:

‘II.2.6.3. ón am luchtaithe ag an mbunaíocht tionscnaimh go dtí an t-am teachta san Aontas, nach n-iompraítear na hainmhithe sa choinsíneacht san uisce céanna nó ⁽⁴⁾[sa choimeádán] ⁽⁴⁾[sa bhád umair] céanna in éineacht le hainmhithe uisceacha ag a bhfuil stádas sláinte níos ísle nó nach bhfuil beartaithe le teacht isteach san Aontas;’

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe II.2.8:

^{(4) (10)} **II.2.8. Bailíocht an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil**

Tá an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo bailí ar feadh tréimhse 10 lá ón dáta eisiúna. I gcás ina n-iompraítear ainmhithe uisceacha ar uiscebhealach/ar muir, féadfar síneadh a chur leis an tréimhse 10 lá sin ar feadh an turais ar uiscebhealach/ar muir.’

(b) Leasaítear na Nótaí mar seo a leanas:

(i) sa chuid réamhrá ite, cuirtear isteach an cur síos seo a leanas ar “Próiseáil bhreise” i ndiaidh an chur síos ar “Ainmhithe do bharshaothraithe”:

“Ciallaíonn ‘próiseáil bhreise’ aon chineál beart agus teicnící, a dhéantar sula gcuirtear ar an margadh lena gcaitheamh ag an duine iad, a mbíonn tionchar acu ar fholláine anatamaíoch, amhail fuiliú, dí-inniú, ceanteideal, slisniú agus filléadú a tháirgeann dramhaíl nó seachtháirgí a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis leis an mbaol go leathfadh an galar.”

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhoíota (2) de na Nótaí a ghabhann le Cuid II:

⁽²⁾ Níl feidhm ag Cuid II.2. den deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo agus ba cheart í a scriosadh i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas sa choinsíneacht: (a) speicis seachas iad siúd a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ⁽⁷⁾; nó (b) ainmhithe

uisceacha fiáine agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe uisceacha sin a thugtar i dtír le soithí iascaireachta lena gcaitheamh ag an duine; nó (c) táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha, seachas ainmhithe uisceacha beo, atá réidh lena gcaitheamh go díreach ag an duine gan a bheith á bpróiseáil tuilleadh san Aontas.'

(¹) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le cur i bhfeidhm rialacha áirithe maidir le galair a chosc agus a rialú ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a chruthaíonn baol suntasach do leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308,4.12.2018, lch. 21).

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (10) a ghabhann leis na Nótaí a ghabhann le Cuid II:

(¹⁰) Ní bheidh feidhm acu ach maidir le coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha beo.

(¹¹) le síniú ag:

— tréidlia oifigiúil nuair atá Cuid II.2. An fianú sláinte ainmhithe

— oifigeach deimhniúcháin nó tréidlia oifigiúil a scriostar Cuid II.2 Am Fianú sláinte ainmhithe.'

(9) i gCaibidil 33, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.2.2. den fhianú sláinte ainmhithe:

II.2.2. a fuarthas ó **ainmhithe** speiceas [*Bos Taurus*,⁽¹⁾ [*Ovis aries*,]⁽¹⁾ [*Capra hircus*,]⁽¹⁾ [*Bubalus bubalis*,]⁽¹⁾ [*Camelus dromedarius*]⁽¹⁾:

(¹) *cibé acu* [a d'fhan sa chríos/sna criosanna dá dtagraítear faoi phointe II.2.1. ó rugadh iad, nó ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh an dáta bleáin.]

(¹) *nó* [a tugadh isteach sa chríos dá dtagraítear i bpointe II.2.1 ó:

(¹) *cibé acu* [tríú tír nó tríú críoch eile nó crios díobh a liostaítear maidir le teacht isteach bainne amh , gruth buí nó táirgí atá bunaithe ar ghruth buí san Aontas, agus inar fhan na hainmhithe ar feadh 3 mhí ar a laghad roimh an dáta bleáin;

(¹) *nó* [ó Bhallstát;]]'

(10) i gCaibidil 34, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.2.3. den fhianú sláinte ainmhithe:

II.2.3. a próiseáladh ó bhainne amh a fuarthas ó **ainmhithe** speiceas [*Bos Taurus*,⁽¹⁾ [*Ovis aries*,]⁽¹⁾ [*Capra hircus*,]⁽¹⁾ [*Bubalus bubalis*,]⁽¹⁾ [*Camelus dromedarius*]⁽¹⁾:

(¹) *cibé acu* [a d'fhan sa chríos/sna criosanna dá dtagraítear faoi phointe II.2.1. ó rugadh iad, nó ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh an dáta bleáin.]

(¹) *nó* [a tugadh isteach sa chríos dá dtagraítear i bpointe II.2.1 ó:

(¹) *cibé acu* [tríú tír nó tríú críoch eile nó crios díobh a liostaítear maidir le teacht isteach bainne amh , gruth buí nó táirgí atá bunaithe ar ghruth buí san Aontas, agus inar fhan na hainmhithe ar feadh 3 mhí ar a laghad roimh an dáta bleáin;

(¹) *nó* [ó Bhallstát;]]'

(11) i gCaibidil 35, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.2.3 den fhianú sláinte poiblí:

II.2.3. a próiseáladh ó bhainne amh a fuarthas ó **ainmhithe** speiceas [*Bos Taurus*,⁽¹⁾ [*Ovis aries*,]⁽¹⁾ [*Capra hircus*,]⁽¹⁾ [*Bubalus bubalis*,]⁽¹⁾ [*Camelus dromedarius*]⁽¹⁾:

(¹) *cibé acu* [a d'fhan sa chríos/sna criosanna dá dtagraítear faoi phointe II.2.1. ó rugadh iad, nó ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh an dáta bleáin.]

(¹) *nó* [a tugadh isteach sa chríos dá dtagraítear i bpointe II.2.1 ó:

(¹) *cibé acu* [tríú tír nó tríú críoch eile nó crios díobh a liostaítear maidir le teacht isteach bainne amh , gruth buí nó táirgí atá bunaithe ar ghruth buí san Aontas, agus inar fhan na hainmhithe ar feadh 3 mhí ar a laghad roimh an dáta bleáin;

(¹) *nó* [Ballstát;]]'

(12) i gCaibidil 41, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.1.6 den fhianú sláinte poiblí:

(1)II.1.6. i gcás geilitín de bhunadh bó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach agus ainmhithe de chineál gabhair, agus ach amháin maidir le geilitín a dhíorthaítear ó sheithí agus ó chraicne,

⁽¹⁾ *cibé acu* [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ⁽¹⁾ ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach maidir le heinceifileapaite spúinseach bhólachta (ESB), agus⁽²⁾

⁽¹⁾ [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an geilitín, rugadh iad, tógadh go leanúnach iad agus rinneadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB iontu;]

⁽¹⁾ [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an geilitín, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB ina raibh aon chás dúchasach ESB amháin ar a laghad, agus níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sa gheilitín, ná ní dhíorthaítear an geilitín ó fheoil den sórt sin;]

⁽¹⁾ [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an geilitín, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB agus:

(i) níl ábhar sonraithe riosca sa gheilitín ná ní dhíorthaítear an geilitín ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ^(*);

(ii) níl feoil díchnámhaithe atá go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sa gheilitín ná ní dhíorthaítear an geilitín ó fheoil den sórt sin;

(iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an geilitín tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]

⁽¹⁾ [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an geilitín, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB;]

(i) níl ábhar sonraithe riosca sa gheilitín ná ní dhíorthaítear an geilitín ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;

(ii) níl feoil díchnámhaithe atá go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sa gheilitín ná ní dhíorthaítear an geilitín ó fheoil den sórt sin;

(iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an geilitín tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]

(iv) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear an geilitín min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe ^(**);

(v) táirgeadh agus láimhsíodh an geilitín ar bhealach lena n-áirítear nach bhfuil néarfhiócháin ná fiócháin limfe ann agus nár éillíodh é le fiócháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]

⁽¹⁾ *nó* [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus

(a) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an geilitín tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;

(b) níl an méid seo a leanas sa gheilitín ná ní dhíorthaítear an geilitín ón méid seo a leanas:

- (i) ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001:
- (ii) feoil atá díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair.

⁽¹⁾ cibé acu [(c) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an geilitín, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach nó rialaithe ESB;]

⁽¹⁾ nó [(c) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an geilitín, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB agus

- (i) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear an geilitín min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;
- (ii) táirgeadh agus láimhsíodh an geilitín ar bhealach lena n-áirithítear nach bhfuil néarfhíocháin ná fíocháin limfe ann agus nár éillíodh é le fíocháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]

⁽¹⁾ nó go n-aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus

(a) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an geilitín:

- (i) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;
- (ii) níor tugadh mar bheatha dóibh min feola agus cnámh nó geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;

(b) níl an méid seo a leanas sa gheilitín ná ní dhíorthaítear an geilitín ón méid seo a leanas:

- (i) ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001:
- (ii) feoil atá díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair;
- (iii) néarfhíocháin agus fíocháin limfe a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe.]]

⁽¹⁾ Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2007 lenar bunaíodh stádas ESB Ballstát nó tríú tíortha nó réigiún díobh siúd de réir a riosca ESB (IO L 172, 30.6.2007, lch. 84).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).

⁽³⁾ <https://www.oie.int/en/standard-setting/terrestrial-code/access-online/>

(13) i gCaibidil 42, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe II.1.6 den fhianú sláinte poiblí:

⁽¹⁾[II.1.6. i gcás collaigin de bhunadh bó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach agus ainmhithe de chineál gabhair, agus ach amháin maidir le collaigin a dhíorthaítear ó sheithí agus ó chraicne,

⁽¹⁾ cibé acu [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE⁽²⁾ ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach maidir le heinceifileapaité spúinseach bhólachta (ESB), agus⁽³⁾

- (1) [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an chollaigin, rugadh iad, tógadh go leanúnach iad agus rinneadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB inti nó ann;]
- (1) [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an chollaigin, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB ina raibh aon chás dúchasach ESB amháin ar a laghad, agus níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sa chollaigin, ná ní dhíorthaítear an chollaigin ó fheoil den sórt sin;]
- (1) [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an chollaigin, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB agus:
- (i) níl ábhar sonraithe riosca sa chollaigin ná ní dhíorthaítear an chollaigin ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾;
- (ii) níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sa chollaigin ná ní dhíorthaítear an chollaigin ó fheoil den sórt sin;
- (iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an chollaigin tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaíthe a chur isteach sa chuas cráiniach;]
- (1) [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an chollaigin, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinnitithe ESB agus:
- (i) níl ábhar sonraithe riosca sa chollaigin ná ní dhíorthaítear an chollaigin ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;
- (ii) níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sa chollaigin ná ní dhíorthaítear an chollaigin ó fheoil den sórt sin;
- (iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an chollaigin tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaíthe a chur isteach sa chuas cráiniach;]
- (iv) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear an chollaigin min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe ⁽²⁾;
- (v) táirgeadh agus láimhsíodh an chollaigin ar bhealach lena n-áirítear nach bhfuil néarfhiócháin ná fiócháin limfe inti agus nár éillíodh í le fiócháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]

⁽¹⁾ nó [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus

- (a) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an chollaigin tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaíthe a chur isteach sa chuas cráiniach;
- (b) níl an méid seo a leanas sa chollaigin ná ní dhíorthaítear an chollaigin ón méid seo a leanas:
- (i) ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;
- (ii) feoil atá díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair.

⁽¹⁾ cibé acu [(c) [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an chollaigin, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB;]

- ⁽¹⁾ nó [(c) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an chollaigin, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB agus
- (i) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear an chollaigin min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;
- (ii) táirgeadh agus láimhsíodh an chollaigin ar bhealach lena n-áirithítear nach bhfuil néarfhiócháin ná fiócháin limfe inti agus nár éillíodh í le fiócháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]]

⁽¹⁾ nó go n-aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus

- (a) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an chollaigin:
- (i) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe tar éis iad a stiúadh tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúadh trí uirlis shlathchruthach fhadaite a chur isteach sa chuas cráiniach;
- (ii) níor tugadh mar bheatha dóibh min feola agus cnámh nó geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;
- (b) níl an méid seo a leanas sa chollaigin ná ní dhíorthaítear an chollaigin ón méid seo a leanas:
- (i) ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001:
- (ii) feoil atá díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair;
- (iii) néarfhiócháin agus fiócháin limfe a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe.]]'

^(A) Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2007 lenar bunaíodh stádas ESB Ballstát nó tríú tíortha nó réigiún díobh siúd de réir a riosca ESB (IO L 172, 30.6.2007, lch. 84).

^(Y) Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).

^(Z) <https://www.oie.int/en/standard/>

(14) i gCaibidil 43, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe II.1.4 den fhianú sláinte poiblí:

'(1) [II.1.4. i gcás amhábhbar de bhunadh bó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach agus ainmhithe de chineál gabhair, agus ach amháin seithí agus craicne,

⁽¹⁾ *cibé acu* [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ^(A) ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach maidir le heinceifileapaité spúinseach bhólachta (ESB), agus^(Z)

⁽¹⁾ [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhbar, rugadh iad, tógadh go leanúnach iad agus rinneadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB iontu;]

⁽¹⁾ [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhbar, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB ina raibh aon chás dúchasach ESB amháin ar a laghad, agus níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair san amhábhbar, ná ní dhíorthaítear an t-amhábhbar ó fheoil den sórt sin;]

- (1) [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhbar, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB agus:
- (i) níl ábhar sonraithe riosca san amhábhbar ná ní dhíorthaítear an t-amhábhbar ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;
 - (ii) níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair san amhábhbar ná ní dhíorthaítear an t-amhábhbar ó fheoil den sórt sin;
 - (iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhbar tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]
- (1) [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhbar, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB agus:
- (i) níl ábhar sonraithe riosca san amhábhbar ná ní dhíorthaítear an t-amhábhbar ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;
 - (ii) níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair san amhábhbar ná ní dhíorthaítear an t-amhábhbar ó fheoil den sórt sin;
 - (iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhbar tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]
 - (iv) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhbar min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe ⁽⁸⁸⁾;
 - (v) táirgeadh agus láimhsíodh an t-amhábhbar ar bhealach lena n-áiríthítear nach bhfuil néarfhiócháin ná fiócháin limfe ann agus nár éillíodh é le fiócháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]
- (1) nó [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus
- (a) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhbar tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;
 - (b) níl an méid seo a leanas san amhábhbar agus ní dhíorthaítear an t-amhábhbar ón méid seo a leanas:
 - (i) ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;
 - (ii) feoil a dhíchnámhaítear go meicniúil a fhaightear ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair.

- ⁽¹⁾ *cibé acu* [(c) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhbar, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB;]
- ⁽¹⁾ *nó* [(c) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhbar, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB agus
- (i) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhbar min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;
- (ii) táirgeadh agus láimhsíodh an t-amhábhbar ar bhealach lena n-áirithítear nach bhfuil néarfhiócháin ná fiócháin limfe ann agus nár éillíodh é le fiócháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]
- ⁽¹⁾ *nó* go n-aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus
- (a) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhbar:
- (i) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;
- (ii) níor tugadh mar bheatha dóibh min feola agus cnámh nó geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;
- (b) níl an méid seo a leanas san amhábhbar agus ní dhíorthaítear an t-amhábhbar ón méid seo a leanas:
- (i) ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;
- (ii) feoil atá díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair;
- (iii) néarfhiócháin agus fiócháin limfe a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe.]]'

^(AA) Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2007 lenar bunaíodh stádas ESB Ballstát nó tríú tíortha nó réigiún díobh siúd de réir a riosca ESB (IO L 172, 30.6.2007, lch. 84).

^(BB) <https://www.oie.int/en/standard-setting/terrestrial-code/access-online/>

(15) i gCaibidil 44, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe II.1.7 den fhianú sláinte poiblí:

⁽¹⁾[II.1.7. i gcás amhábhbar cóireáilte de bhunadh bó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach agus ainmhithe de chineál gabhair, cé is moite de sheithí agus craicne,

⁽¹⁾ *cibé acu* [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ^(CC) ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach maidir le heinceifileapaite spúinseach bhólachta (ESB), agus⁽⁵⁾

⁽¹⁾ [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhbar cóireáilte, rugadh iad, tógadh go leanúnach iad agus rinneadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB iontu;]

⁽¹⁾ [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhbar cóireáilte, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB ina raibh aon chás dúchasach ESB amháin ar a laghad, agus níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair san amhábhbar cóireáilte, ná ní dhíorthaítear an t-amhábhbar cóireáilte ó fheoil den sórt sin;]

- ⁽¹⁾ [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhhar cóireáilte, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB agus:
- (i) níl ábhar sonraithe riosca san amhábhhar cóireáilte ná ní dhíorthaítear an t-amhábhhar cóireáilte ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ^(p);
 - (ii) níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair san amhábhhar cóireáilte ná ní dhíorthaítear an t-amhábhhar cóireáilte ó fheoil den sórt sin;
 - (iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhhar cóireáilte tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]
- ⁽¹⁾ [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhhar cóireáilte, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinnitithe ESB agus:
- (i) níl ábhar sonraithe riosca san amhábhhar cóireáilte agus ní dhíorthaítear an t-amhábhhar cóireáilte ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;
 - (ii) níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair san amhábhhar cóireáilte ná ní dhíorthaítear an t-amhábhhar cóireáilte ó fheoil den sórt sin;
 - (iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhhar cóireáilte tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]
 - (iv) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhhar cóireáilte min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe ^(E);
 - (v) táirgeadh agus láimhsíodh an t-amhábhhar cóireáilte ar bhealach lena n-áirítear nach bhfuil néarfhíocháin ná fíocháin limfe ann agus nár éillíodh é le fíocháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]
- ^{(1) nó} [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus
- (a) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhhar cóireáilte tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;
 - (b) níl an méid seo a leanas san amhábhhar cóireáilte ná ní dhíorthaítear an t-amhábhhar cóireáilte ón méid seo a leanas:
 - (i) ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;
 - (ii) feoil a dhíchnámhaítear go meicniúil a fhaightear ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair.
- ^{(1) cibé acu} [(c) [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhhar cóireáilte, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB;]:
- ^{(1) nó} [(c) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhhar cóireáilte, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinnitithe ESB agus:

- (i) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhbar cóireáilte min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;
- (ii) táirgeadh agus láimhsíodh an t-amhábhbar ar bhealach lena n-áirithítear nach bhfuil néarfhiócháin ná fíocháin limfe ann agus nár éillíodh é le fíocháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]]
- ⁽¹⁾ nó go n-aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus
- (a) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhbar cóireáilte:
- (i) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhióchán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaíthe a chur isteach sa chuas cráiniach;
- (ii) níor tugadh mar bheatha dóibh min feola agus cnámh nó geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;
- (b) níl an méid seo a leanas san amhábhbar cóireáilte ná ní dhíorthaítear an t-amhábhbar cóireáilte ón méid seo a leanas:
- (i) ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001:
- (ii) feoil atá díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair;
- (iii) néarfhiócháin agus fíocháin limfe a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe.]]'

^(CC) Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2007 lenar bunaíodh stádas ESB Ballstát nó tríú tíortha nó réigiún díobh siúd de réir a riosca ESB (IO L 172, 30.6.2007, lch. 84).

^(DD) Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).

^(EE) <https://www.oie.int/en/standard-setting/terrestrial-code/access-online>'

(16) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidil 45:

· CAIBIDIL 45

**DEIMHNIÚ OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE HAGHAIDH TEACHT ISTEACH MEALA AGUS TÁIRGÍ
BEACHADÓIREACHTA EILE SAN AONTAS LENA gCAITHEAMH AG AN DUINE (DEIMHNIÚ
CAIGHDEÁNACH HON)**

TÍR		Deimhniú oifigiúil don Aontas Eorpach			
Cuid 1: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	I.1 Coinsíneoir/Onnmh aireoir Ainm Seoladh Tír	I.2 Tagairt an deimhnithe	I.2a Tagairt CBFRO		
		I.3 Údarás Inniúil Lárnach	CÓD QR		
		I.4 Údarás Inniúil Áitiúil			
	I.5 Coinsíní/Allmhaireo ir Ainm Seoladh Tír	I.6 An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht Ainm Seoladh Tír			
I.7 An tír thionscnaimh		Cód tíre ISO	I.9 An tír cinn scríbe		
I.8 An réigiún tionscnaimh		Cód	I.10 An réigiún cinn scríbe		
I.11 Áit seolta Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa	I.12 Ceann scríbe Ainm Seoladh Tír		
I.13 Áit luchtaithe		I.14 Dáta agus am imeachta			
I.15 Modh iompair <input type="checkbox"/> Aerárthach <input type="checkbox"/> Soitheach <input type="checkbox"/> Iamróid <input type="checkbox"/> Feithicil bhóthair Aitheantas		I.16 Post Rialaithe Teorann Iontrála			
		I.17 Doiciméid tionlacain Saghas Tír Tagairt doiciméid tráchtála			
I.18 Coinníollacha iompair		<input type="checkbox"/> Comhthimpeallach	<input type="checkbox"/> Fuaraithe	<input type="checkbox"/> Reoite	
I.19 Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala Uimh. an choimeádáin Uimh. shéala					
I.20 Deimhnithe mar nó le haghaidh <input type="checkbox"/> Táirgí lena gcaitheamh ag an duine					
I.21		I.22 <input type="checkbox"/> Le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh			
		I.23			
I.24	Líon iomlán pacáistí	I.25	Cainníocht iomlán	I.26	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód AC	Speicis	Fuar-stóras	Cineál pacáistíochta	Glanmheáchan	
		Cineál cóireála	An líon pacáistí	Baiscuimhir	
<input type="checkbox"/>	Tomhaltóir deiridh	An dáta bailithe/táirgthe	Gléasra monaraíochta		

TÍR		Deimhniú caighdeánach HON	
II. Faisnéis sláinte		11.A Sonraigh tagairt an deimhnithe	II.b Tagairt CBFRO
Cuid II: Deimhniú	<p>II.1. Fianú sláinte poiblí</p> <p>Dearbhaímse, a bhfuil m'ainm anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar na ceanglais ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{FF}, Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{GG}, Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{HH} agus Rialachán (CE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^I agus Treoir 2001/110/CE ón gComhairle^J, agus deimhním leis seo gur táirgeadh an mhil agus na táirgí beachadóireachta eile a bhfuil tuairisc orthu i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go háirithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) go dtagann siad ó bhunaíocht(aí) atá cláraithe agus ina gcuirtear chun feidhme clár bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP) i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, ar a ndéanann an t-údarás inniúil iniúchadh go tráthrialta; (b) gur láimhsíodh iad agus, i gcás inarb iomchúí, gur ullmhaíodh, gur pacáistíodh agus gur stóráladh iad ar bhealach sláinteach i gcomhréir le ceanglais Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004; (c) go gcomhlíontar na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle^{KK}, agus go liostaítear mil i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún^{LL} maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann; (d) gur táirgeadh iad faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht uasleibhéil na n-iarmhar le haghaidh lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{MM}, agus na n-uasleibhéal le haghaidh éilleán a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún^{NN}; agus (e) i gcás meala, go gcomhlíonann sí na critéir maidir le tuairisc ar an táirge agus maidir le comhdhéanamh mar a shainmhínítear iad in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2001/110/CE ón gComhairle agus nach bhfuil, go háirithe, aon chomhábhar bia breise ann, lena n-áirítear breiseáin bia nó siúcraí coimhthíocha, cé is moite de mhil. <p>Nótaí</p> <p>I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú oifigiúil seo.</p> <p>Líonfar isteach an deimhniú oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.</p>		

TÍR

Deimhniú caighdeánach HON

II. Faisnéis sláinte	11.A Sonraigh tagairt an deimhnithe	II.b Tagairt CBFRO
<p>Cuid I:</p> <p>Tagairt bhosca I.11: 'Áit seolta': Is ionann an uimhir formheasa agus an cláruimhir.</p> <p>Tagairt bhosca I.27: Cuir có(ì)d iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (HS) isteach agus ceannteidil á n-úsáid amhail: 0409, 0410, 0510, 1521, 1702 nó 2106.</p> <p>Tagairt bhosca I.27: Tuairisc ar an gcoinsíneacht: 'Cineál cóireála': Luaigh 'ultrasonacht', 'homaiginiú', 'ultrascagachán', 'paistéaradh', nó 'cóireáil theirmeach'.</p>		
